*Uimhir* 14 *de* 2004

# An tAcht um an mBord Bia (Leasú), 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 14 *de* 2004

# AN tACHT UM AN mBORD BIA (LEASÚ), 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.
2. Léiriú.

CUID 2

An Bord Glas a Dhíscaoileadh

3. Lá an aistrithe.
4. Foireann a aistriú.
5. Maoin agus dliteanais a aistriú chun an Bhoird.
6. Conarthaí áirithe a chaomhnú agus tagairtí don Bhord Glas a oiriúnú.
7. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.
8. Cuntais a ullmhú.
9. Aisghairm.

CUID 3

Leasú ar an bPríomh-Acht

10. Tosach feidhme (*Cuid 3*).
11. Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.
12. Leasú ar alt 7 (feidhmeanna ginearálta an Bhoird) den Phríomh-Acht.

13. Leasú ar alt 8 (feidhmeanna áirithe de chuid an Bhoird) den Phríomh-Acht.

14. An chumhacht chun fochuideachtaí a bhunú.

15. Leasú ar alt 9 (feidhmeanna a aistriú) den Phríomh-Acht.

16. Leasú ar alt 11 (feidhmeanna a fheidhmiú) den Phríomh-Acht.

17. Leasú ar alt 13 (fobhoird) den Phríomh-Acht.

18. Leasú ar alt 14 (comhaltas an Bhoird agus téarma oifige na gcomhaltaí) den Phríomh-Acht.

19. Comhaltas an fhobhoird gairneoireachta agus téarma oifige na gcomhaltaí.

20. Leasú ar alt 28 (coistí de chuid an Bhoird nó de chuid fobhord) den Phríomh-Acht.

21. Leasú ar alt 38 (tobhach atá dlite agus iníoctha) den Phríomh-Acht.

22. An Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht a scriosadh.

CUID 4

Leasú ar an Acht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984

23. Tosach feidhme (*Cuid 4*).

24. Leasú ar an Acht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um an mBord Bia (Leasú), 1995 | 1995, Uimh. 20 |
| An tAcht um an mBord Bia, 1994 | 1994, Uimh. 22 |
| Na hAchtanna um an mBord Bia, 1994 go 1996 | |
| An tAcht um Bord Glas, 1990 | 1990, Uimh. 1 |
| An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 | 2001, Uimh. 19 |
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003 | |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001 | |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 1997, Uimh. 20 |
| An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 | 1988, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 2001, Uimh. 45 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003 | |
| An tAcht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 | 1984, Uimh. 25 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001 | |

*Uimhir* 14 *de* 2004

**AN tACHT UM AN mBORD BIA (LEASÚ), 2004**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM AN mBORD BIA, 1994, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN mBORD GLAS — AN BORD FORBARTHA GAIRNEOIREACHTA A DHÍSCAOILEADH AGUS A FHEIDHMEANNA A AISTRIÚ CHUIG AN mBORD BIA, DO LEASÚ AN ACHTA UM CHLÁRÚ FÁSÓIRÍ PRÁTAÍ AGUS PACÁLAITHE PRÁTAÍ, 1984, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [5 *Bealtaine* 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**1.—**(1) Féadfar an tAcht um an mBord Bia (Leasú), 2004 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um an mBord Bia, 1994 go 2004 a ghairm de na hAchtanna um an mBord Bia, 1994 go 1996 agus den Acht seo (seachas *Cuid 4*) le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 agus 2004 a ghairm den Acht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984 agus de *Chuid 4* le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

Léiriú.

**2.—**(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn "an Bord Glas" an Bord Glas — an Bord Forbartha Gairneoireachta;

ciallaíonn "Bord" an Bord Bia;

ciallaíonn "Aire" an tAire Talmhaíochta agus Bia;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um an mBord Bia, 1994;

ciallaíonn "lá an aistrithe" an lá a cheapfaidh an tAire faoi *alt 3* chun bheith ina lá aistrithe chun críocha *Chuid 2*.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt do Chuid nó d'alt is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(*c*) aon tagairt d'aon achtachán eile forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo.

## CUID 2

### An Bord Glas a Dhíscaoileadh

Lá an aistrithe.

**3.**—(1) Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá aistrithe chun críocha na Coda seo.

(2) Lá an aistrithe, beidh an Bord Glas arna dhíscaoileadh.

(3) Déanfar tagairtí don Bhord Glas in aon Acht den Oireachtas arna achtú roimh lá an aistrithe nó in aon ionstraim arna déanamh roimh lá an aistrithe faoi Acht den Oireachtas a fhorléiriú, an lá sin agus dá éis, mar thagairtí don Bhord.

Foireann a aistriú.

**4.**—(1) Gach duine is comhalta d'fhoireann an Bhoird Ghlais an lá díreach roimh lá an aistrithe aistreofar é nó í chun an Bhoird, agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Bhoird, lá an aistrithe.

(2) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, le linn do dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith i seirbhís an Bhoird, ní chuirfear é nó í faoi réir coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair is lú fabhar dó nó di ná na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh lá an aistrithe.

(3) Maidir le daoine a aistreofar chun an Bhoird de bhun *fho-alt (1)*, beidh seirbhís roimhe sin leis an mBord Glas ináirithe chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh sna hAchtanna sin:

(*a*) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003,

(*b*) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001,

(*c*) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997,

(*d*) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001,

(*e*) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001,

(*f*) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001, agus

(*g*) an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998.

(4) Aon sochair aoisliúntais a dhámhfar do dhuine, nó i leith duine, lena mbaineann *fo-alt (1)*, agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair aoisliúntais agus na téarmaí agus na coinníollacha ab infheidhme díreach roimh lá an aistrithe.

(5) San alt seo, ciallaíonn "ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta" ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an mBord chun críoch caibidlí a bhaineann le luach saothair, coinníollacha fostaíochta nó dálaí oibre fostaithe.

Maoin agus dliteanais a aistriú chun an Bhoird.

**5.**—(1) Le héifeacht ó lá an aistrithe, beidh na nithe seo a leanas arna n-aistriú chun an Bhoird—

(*a*) an mhaoin agus na cearta uile a bhí, díreach roimh an lá sin, á sealbhú nó ar teachtadh ag an mBord Glas, agus

(*b*) na dliteanais uile a thabhaigh an Bord Glas roimh an lá sin agus nach raibh urscaoilte roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, lá an bhunaithe, don Bhord go feadh an eastáit, an téarma nó an leasa uile a raibh sí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don Bhord Glas ar a bhfeadh, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus is inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, amhail ar agus ó lá an aistrithe, ar teachtadh ag an mBord, agus

(iii) amhail ar agus ó lá an aistrithe, is dliteanais de chuid an Bhoird na dliteanais sin.

(2) An t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chun an Bhoird leis an alt seo agus atá, lá an aistrithe, in ainm an Bhoird Ghlais déanfar, má iarrann an Foras amhlaidh, iad a aistriú isteach in ainm an Bhoird.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear leis an alt seo chun an Bhoird féadfaidh an Bord, lá an aistrithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh in leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an Bhoird, ina ainm féin, agus ní gá don Bhord fógra i dtaobh an aistrithe a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt seo.

Conarthaí áirithe a chaomhnú agus tagairtí don Bhord Glas a oiriúnú.

**6.**—Gach conradh nó comhaontú a bheidh déanta idir an Bord Glas, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid an Bhoird Ghlais ag gníomhú dó nó di thar a cheann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh lá an aistrithe, leanfaidh sé i bhfeidhm an lá sin agus dá éis agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí an Bord in ionad an Bhoird Ghlais, nó, de réir mar a bheidh, in ionad a iontaobhaí nó a ghníomhaire ag gníomhú dó nó di thar a cheann, agus beidh sé infhorfheidhmithe i gcoinne an Bhoird.

Imeachtaí dlí atá ar feitheamh.

**7.**—Más rud é, díreach roimh lá an aistrithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an Bord Glas, cuirfear ainm an Bhoird in ionad ainm an Bhoird Ghlais sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Cuntais a ullmhú.

**8.**—(1) A luaithe is féidir tar éis lá an aistrithe, cuirfidh an Bord faoi deara na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh an Bord Glas sa bhliain chuntasaíochta, nó sa chuid de bhliain chuntasaíochta, de chuid an Bhoird Ghlais dar críoch díreach roimh lá an aistrithe a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire.

(2) Déanfaidh an Bord, a luaithe is féidir, na cuntais a ullmhófar de bhun an ailt seo a thabhairt lena n-iniúchadh agus, go pras tar éis an iniúchta, déanfar cóip de na cuntais sin agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Aisghairm.

**9.**—Aisghairtear an tAcht um Bord Glas, 1990 le héifeacht ó lá an aistrithe.

## CUID 3

### Leasú ar an bPríomh-Acht

Tosach feidhme (*Cuid 3*).

**10.**—Tiocfaidh an Chuid seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.

**11.**—Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mínithe ar “táirgí talmhaíochta”:

“ciallaíonn ‘táirgí talmhaíochta’ feoil, bainne, uibheacha, gránaigh agus barra páirce eile, iasc, éanlaith chlóis, coiníní, fianna agus táirgí gairneoireachta;”;

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “bia”:

“ciallaíonn ‘gairneoireacht’ an brainse sin de thalmhaíocht a bhaineann le saothrú plandaí a úsáidtear le haghaidh bia nó chun bia a tháirgeadh nó le haghaidh maise, lena n-áirítear na nósanna imeachta teicniúla is gá chun—

(*a*) torthaí, bídís úr nó próiseáilte,

(*b*) glasraí, bídís úr nó próiseáilte (lena n-áirítear prátaí agus prátaí síl),

(*c*) luibheanna, bídís úr nó próiseáilte,

(*d*) fungais inite, bídís úr nó próiseáilte,

(*e*) cnónna, bídís úr nó próiseáilte,

(*f*) bláthanna gearrtha,

(*g*) bláthanna triomaithe,

(*h*) leannlusanna,

(*i*) duilliúir mhaisiúla,

(*j*) fód spóirt,

(*k*) mil,

(*l*) plandaí pota, plandaí ceapaí agus plandaí luibheacha (lena n-áirítear stoc plandlainne),

(*m*) toir agus crainn (lena n-áirítear stoc plandlainne),

(*n*) crainn torthaí, toim torthaí agus plandaí torthaí (lena n-áirítear stoc plandlainne), agus

(*o*) síolta, bleibíní, cormáin, tiúbair, prátaí agus prátaí síl,

a shaothrú, a tháirgeadh agus a ullmhú don mhargadh, agus folaíonn sé aon cheann de na nithe sin roimhe seo, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;";

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "forordú":

"ciallaíonn 'fochuideachta' fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963) den Bhord Bia;".

**12.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 7:

Leasú ar alt 7 (feidhmeanna ginearálta an Bhoird) den Phríomh-Acht.

"7—(1) Is iad feidhmeanna an Bhoird margú bhia agus bheostoc na hÉireann agus táirgeadh, margú agus tomhailt táirgí gairneoireachta a chur chun cinn, cuidiú leis an gcéanna agus an céanna a fhorbairt ar aon mhodh a mheasann an Bord is gá nó is inmhianaithe.

(2) Beidh ag an mBord na cumhachtaí sin go léir is gá, is inmhianaithe nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh.".

**13.—**Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 8 (feidhmeanna áirithe de chuid an Bhoird) den Phríomh-Acht

(*a*) tríd an leagan cuí gramadaí de "bia agus gairneoireacht" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "bia" gach áit a bhfuil sé, agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*i*):

"(*i*) cibé scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile lena ngabhann eisíoc na gcistí seo a leanas—

(i) Cistí de chuid an Aontais Eorpaigh,

(ii) Cistí Státchiste, nó

(iii) cistí eile,

agus a údaróidh an tAire ó am go ham le comhthoiliú an Aire Airgeadais a riaradh.”.

An chumhacht chun fochuideachtaí a bhunú.

**14.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

“8A.—(1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh trí fhochuideachta agus, chun críoch an chomhlíonta sin, féadfaidh sé fochuideachta amháin nó níos mó a fháil, a fhoirmiú nó a bhunú agus, chun na críche sin, féadfaidh sé scaireanna nó aon leas eile i gcuideachta a fháil, a shealbhú nó a dhiúscairt nó teacht chun bheith ina chomhalta de chuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003).

(2) Beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais fochuideachta a fhoirmeofar de bhun an ailt seo i cibé foirm a chinnfidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(3) Féadfaidh an tAire cibé treoracha i scríbhinn is cuí leis nó léi a thabhairt don Bhord i ndáil le haon bheartas, clár nó gníomhaíocht de chuid fochuideachta agus comhlíonfaidh an Bord nó, de réir mar is cuí, áiritheoidh sé go gcomhlíonfar aon treoir den sórt sin.

(4) Ní thabharfar treoir faoi *fho-alt (3)* a bhaineann le haon sócmhainní nó barrachais de chuid fochuideachta a dhiúscairt gan toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Cinnfidh an Bord gráid foirne agus líon foirne fochuideachta le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(6) Sealbhóidh foireann fochuideachta oifig nó fostaíocht faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.”.

Leasú ar alt 9 (feidhmeanna a aistriú) den Phríomh-Acht.

**15.—**Leasaítear alt 9(2)(*a*) den Phríomh-Acht trí “margú bia, gairneoireachta nó beostoic” a chur in ionad “margú bia nó beostoic”.

Leasú ar alt 11 (feidhmeanna a fheidhmiú) den Phríomh-Acht.

**16.—**Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht trí “margú bia nó gairneoireachta” a chur in ionad “margú aon bhia”.

Leasú ar alt 13 (fobhoird) den Phríomh-Acht.

**17.—**Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Déanfaidh an Bord le hordú arna dhéanamh le toiliú an Aire fobhord (dá ngairtear an fobhord gairneoireachta san Acht seo) a bhunú chun cibé feidhmeanna a bhaineann le gairneoireacht agus a thugtar don Bhord leis an Acht seo agus a shonrófar san ordú a chomhlíonadh.”,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Beidh na feidhmeanna a fhéadfaidh an fobhord gairneoireachta a chomhlíonadh de bhun ordú a dhéanfar faoi fho-alt (1A) infheidhmithe ag an bhfobhord gairneoireachta

gan dochar do cheart an Bhoird chun na feidhmeanna sonraithe a fheidhmiú é féin.”.

**18.—**Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 14 (comhaltas an Bhoird agus téarma oifige na gcomhaltaí) den Phríomh-Acht.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Daoine a bhfuil eolas nó taithí acu ar an ngairneoireacht a bheidh i mbeirt ar a laghad de na daoine a cheapfar chun bheith ina ngnáthchomhaltaí.”,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Ceapfar gnáthchomhalta amháin ar ainmniú an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.”,

(*c*) trí fho-alt (4A) (a cuireadh isteach leis an Acht um an mBord Bia (Leasú), 1995) a scriosadh, agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Daoine a bhfuil eolas nó taithí acu ar na nithe seo a leanas a bheidh sa chathaoirleach agus sna daoine a cheapfar chun bheith ina ngnáthchomhaltaí—

(*a*) an tionscal bia nó an ghairneoireacht, agus

(*b*) riachtanais tomhaltóirí.”.

**19.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 15:

Comhaltas an fhobhoird gairneoireachta agus téarma oifige na gcomhaltaí.

“15A.—(1) Cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta ar a mhéid a bheidh ar an bhfobhord gairneoireachta.

(2) Faoi réir fho-alt (4), beidh an cathaoirleach i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(3) Daoine atá ag gabháil don earnáil gairneoireachta nó a bhfuil eolas nó taithí acu ar an earnáil gairneoireachta a bheidh sna gnáthchomhaltaí agus is é an Bord a cheapfaidh iad le toiliú an Aire.

(4) Maidir leis an gcathaoirleach, ar comhalta é nó í den Bhord, is é an Bord a cheapfaidh é nó í tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus le toiliú an Aire.

(5) D’ainneoin fho-alt (4), i gcás go scoirfidh an cathaoirleach de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den fhobhord freisin.

(6) Beidh na daoine a cheapfaidh an Bord i gcéaduair chun bheith ina ngnáthchomhaltaí i seilbh oifige mar a leanas:

(*a*) beidh ceathrar de na comhaltaí sin i seilbh oifige ar feadh na tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha;

(*b*) beidh ceathrar de na comhaltaí sin i seilbh oifige ar feadh na tréimhse 4 bliana ó dháta a gceaptha; agus

(*c*) beidh ceathrar de na comhaltaí sin i seilbh oifige ar feadh na tréimhse 5 bliana ó dháta a gceaptha.

(7) Déanfar na comhaltaí den Bhord a bheidh i seilbh oifige ar feadh na dtréimhsí a shonraítear i míreanna (*a*) agus (*b*) d'fho-alt (6) den alt seo a chinneadh trí chrannchur a dhéanfar i cibé slí a chinnfidh an Bord.

(8) Gach duine a cheapfar de bhun an ailt seo chun bheith ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta, seachas céadchomhalta, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

(9) Beidh aird ag an mBord, le linn dó ainmniúcháin a dhéanamh chun an fhobhoird gairneoireachta, agus ag an Aire, le linn dó nó di breithniú a dhéanamh i dtaobh toiliú leis na hainmniúcháin sin, ar a inmhianaithe atá sé cothromaíocht chuí inscne a bhaint amach.".

Leasú ar alt 28 (coistí de chuid an Bhoird nó de chuid fobhord) den Phríomh-Acht.

**20.**—Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) Féadfaidh an Bord a údarú do Choiste arb iad a chomhaltaí go heisiach a bheidh ann aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.".

Leasú ar alt 38 (tobhach atá dlite agus iníoctha) den Phríomh-Acht.

**21.**—Leasaítear alt 38 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

"(9) Déanfaidh an duine a bheidh ag onnmhairiú beostoic nó a mbeidh beostoc á onnmhairiú thar a cheann nó thar a ceann an tobhach i ndáil leis an mbeostoc a onnmhairiú beo as an Stát a íoc go díreach leis an mBord roimh onnmhairiú an bheostoic.",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

"(10) Déanfar an tobhach i ndáil le beostoc a onnmhairiú beo as an Stát a íoc leis an mBord cibé tráth nó tráthanna agus ar cibé modh a fhorordófar.",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

"(11) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha fho-alt (10) agus, go háirithe ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin—

(*a*) maidir le daoine a dhlífidh tobhach a íoc do choimeád taifead agus do dhéanamh tuairisceán (lena n-áirítear tuairisceáin leictreonacha),

(*b*) maidir le ceapadh agus cumhachtaí oifigeach údaraithe,

(*c*) maidir le tobhach a bhailiú agus a ghnóthú (lena n-áirítear foráil maidir le honnmhaireoirí d'íoc éarlais leis an mBord ar chuntas tobhaigh),

(*d*) maidir leis na rialacháin a fhorfheidhmiú, agus

(*e*) maidir le cibé nithe eile a mheasann an tAire a bheith fóirsteanach nó riachtanach.",

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (12):

"(12) Is cion é ag aon duine beostoc arb iníoctha tobhach ina leith a onnmhairiú nó tabhairt faoina onnmhairiú beo ón Stát mura rud é go mbeidh forálacha an ailt seo agus forálacha aon rialachán arna ndéanamh de bhun fho-alt (11) comhlíonta aige nó aici.".

**22.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal a ghabhann leis an Acht sin a scriosadh. An Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht a scriosadh.

## CUID 4

### LEASÚ AR AN ACHT UM CHLÁRÚ FÁSÓIRÍ PRÁTAÍ AGUS PACÁLAITHE PRÁTAÍ, 1984.

**23.—**Tiocfaidh an Chuid seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla. Tosach feidhme (*Cuid 4*).

**24.—**Leasaítear an tAcht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984— Leasú ar an Acht um Chlárú Fásóirí Prátaí agus Pacálaithe Prátaí, 1984.

(*a*) in alt 2—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5)(*b*):

"(*c*) Féadfaidh an tAire a chur faoi deara taifead sa Chlár a scriosadh más deimhin leis, maidir leis an taifead sin—

(i) nach fásóir prátaí le díol a thuilleadh an fásóir cláraithe prátaí, nó

(ii) nach pacálaí prátaí le díol a thuilleadh an pacálaí cláraithe prátaí.",

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) Beidh an Clár ar fáil lena iniúchadh ag aon duine cibé tráthanna agus ar cibé modh a chinnfidh an tAire.",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 3:

"3.—(1) Ní dhíolfaidh duine a fhásann prátaí na prátaí sin mura fásóir cláraithe é nó í.

(2) Ní dhíolfaidh duine prátaí i bpacáiste—

(*a*) mura fásóir cláraithe a d'fhás na prátaí sin agus mura pacálaí cláraithe a phacáil iad, agus

(*b*) mura mbeidh ar an bpacáiste uimhir chláraithe—

(i) an fhásóra chláraithe, agus

(ii) an phacálaí chláraithe.

(3) Beidh duine a mhainneoidh fo-alt (1) nó (2) den alt seo a chomhlíonadh ciontach i gcion.”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 308700